bord na gcuntas díomhaoin

PLEAN EISÍOCAÍOCHTA 2006

CLÁR

1. RÉAMHRÁ 1

2. SAINCHÚRAM REACHTÚIL 2

3. COMHTHÉACS 4

4. TREOIRPHRIONSABAIL 4

5. TOSAÍOCHTAÍ DE RÉIR LIMISTÉIR & STRAITÉIS CHUN CUSPÓIRÍ A BHAINT AMACH 6

6. PRIONSABAIL FORFHEIDHMITHE 11

AGUISÍN

- BALLRAÍOCHT BHORD NA GCUNTAS DÍOMHAOIN

1. RÉAMHRÁ

Soláthraíonn an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, chomh maith leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 agus an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 frámaíocht chun na cuntais neamhéilithe in institiúidí creidmheasa (mar shampla bainc, cumainn foirgníochta agus An Post) agus chun na polasaithe árachais saoil neamhéilithe i ngnóthais árachais a riar. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta sealbhóirí cuntas/polasaí a athcheangal lena gcistí in institiúidí creidmheasa/i ngnóthais árachais agus maidir leis sin, ceanglaítear ar institiúidí/ar ghnóthais céimeanna a ghlacadh chun úinéirí cuntas díomhaoin agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo.

Aistríonn na hinstitiúidí airgeadais/na gnóthais árachais cuntais dhíomhaoine/polasaithe árachais saoil neamhéilithe, nach bhfuil éilithe ag an sealbhóir bunaidh cuntais/polasaí nó ag a dtairbhithe, gach bliain chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin (an Ciste) arna bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar an t-aistriú airgid ar an mbonn go mbeidh ceart ráthaithe éilimh ar a mhaoin/ar a maoin ag an úinéir tairbhiúil ag aon tráth sa todhchaí.

Tugadh isteach scéim le haghaidh eisíoc cistí nach móide go n-éileofar iad faoin reachtaíocht chomh maith. Bhí Bord um Dhíscaoileadh Chiste na gCuntas Díomhaoin freagrach i dtús báire as maoirseacht a dhéanamh ar eisíoc an airgid sin as an gCiste. Is é an Rialtas atá freagrach i láthair na huaire as cinntí maidir le heisíocaíochtaí de bhun Achtú an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005. Is é ról Bhord na gCuntas Díomhaoin, a bunaíodh ar bhonn reachtúil ar an 4 Eanáir 2006, comhairle neamhspleách a chur ar fáil agus gníomhú mar bhreathmheastóir criticiúil maidir le cinntí an Rialtais. Ghlac Bord na gCuntas Díomhaoin freagracht air féin chomh maith maidir leis na cinntí eisíocaíochta a rinne iar Bord um Dhíscaoileadh Chiste na gCuntas Díomhaoin.

2. SAINCHÚRAM REACHTÚIL

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla an Bhoird:

1) (a) plean eisíocaíochta airgid faoi chuid 6 d'Acht 2005, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, de réir alt 42

(b) athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ó am go ham:

(i) ar cé mar a chomhlíontar na cuspóirí atá sonraithe sa phlean,

(ii) ar éifeachtúlacht na straitéisí atá sonraithe sa Phlean, agus

(iii) ar phatrún agus ar thionchar na n-eisíocaíochtaí faoi Chuid 6 d'Acht 2005, lena n-áirítear a fháil amach ar tharla gníomhaíochtaí nach mbeadh tarlaithe d'uireasa na n-eisíocaíochtaí sin, agus

(c) tuarascálacha a chur faoi bhráid an Aire faoi alt 45(3) d'Acht 2005.

2) Tá gach cumhacht a bheadh riachtanach i gcomhair feidhmiú a fheidhmeanna nó a bhainfeadh le feidhmiú a fheidhmeanna tugtha don Bhord faoin Acht seo.

3) Beidh an Bord neamhspleách, faoi réir an Achta sin, maidir le feidhmiú a fheidhmeanna.

Is é seo an chéad Phlean Eisíocaíochta atá ullmhaithe ag Bord na gCuntas Díomhaoin. Tá ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean agus, más gá, é a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 3 bliana tar éis an dáta go dtagann sé i bhfeidhm agus uair amháin ar a laghad in imeacht gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

Is é sainchúram reachtúil an Bhoird maidir leis an bPlean:

1) Plean maidir le heisíocaíocht airgid as an gcuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, roimh an 1 Meitheamh 2006, lena chur faoi bhráid an rialtais lena fhaomhadh.

2) Ní mór don phlean:

   (a) na cuspóirí atá le baint amach as eisíocaíochtaí a dhéanamh as an gcuntas agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach a shonrú, agus

   (b) a bheith ullmhaithe i bhfoirm agus i mbealach a théann de réir aon treoirlíne nó aon treoir a d'fhéadfadh a bheith eisithe ag an Aire

3) Ní bheidh feidhm leis an bplean go dtí go mbeidh faomhadh an Rialtais, le leasú nó dá uireasa, faighte aige.

Is féidir airgead a eisíoc as an gcuntas gach bliain, de réir Cuid 6 d'Acht 2005, chun críocha na gclár nó na dtionscadal sin amháin a bheadh ar mhaithe le:

   1) forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta

   2) oideachas daoine faoi mhíbhuntáiste oideachais a fhorbairt, agus

   3) daoine faoi mhíchumas[1]

[1]Arna shainmhíniú de réir alt 2 den Acht um Stádas Comhionann 2000 ina luaitear: ciallaíonn '…"míchumas"-
a) feidhmeanna coirp nó meabhrach duine a bheith in easnamh go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear cuid de chorp duine a bheith in easnamh,
b) orgánaigh atá nó is dóigh a bheidh ina dtrúig ghalair nó thinnis ainsealaigh a bheith sa chorp,
c) mífheidhmiú , anchuma nó máchailiú cuid de chorp duine,
d) riocht nó mífheidhmiú ar a bhfuil de thoradh go bhfoghlaimíonn duine ar shlí éagsúil le duine nach bhfuil an riocht nó an mífheidhmiú air nó uirthi, nó riocht, galar nó tinneas a fhearann ar phróisis smaointe duine, ar aireachtáil na réaltachta ag duine, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas duine, nó a bhfuil iompar suaite de thoradh air;'

3. COMHTHÉACS

Féachfaidh an Bord lena chinntiú le linn dó a phlean a chur i bhfeidhm go dtugtar tús áite ar leith do na limistéir sin atá ainmnithe ag an Rialtas mar na limistéir is mó atá faoi mhíbhuntáiste mar shampla RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, trí Infheistíocht agus trí Fhorbairt); CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) agus limistéir an Tascfhórsa Áitiúil Ar Dhrugaí maidir le míbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachais. Aithníonn an Bord chomh maith, áfach, nach é an limistéar geografach a bheith ainmnithe mar limistéar faoi mhíbhuntáiste an t-aon slat tomhais a bheadh oiriúnach i gcomhair sprioclimistéar áirithe agus dá réir sin cuirfidh sé critéir oiriúnacha i bhfeidhm maidir leis sin, le linn dó a phlean a chur i bhfeidhm.

4. TREOIRPHRIONSABAIL

Is é cuspóir foriomlán an Bhoird a chinntiú go n-eisíoctar cistí na gcuntas díomhaoin ar bhealach a bhainfeadh an tairbhe ba mhó ab fhéidir as a n-éifeachtúlacht agus a chabhródh le forbairt phearsanta, oideachais agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, oideachais nó sóisialta nó daoine faoi mhíchumas. Is iad seo a leanas na príomhphrionsabail a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag polasaithe an Bhoird chun na cuspóirí sin a bhaint amach:

* *Breisíocht*

Déanfaidh an Bord a dhícheall breisíocht a chur chun cinn. Déanfar eisíocaíochtaí as an gCiste, chomh fada is is féidir é, chun go gcuirfear leis an gcaiteachas príomhshrutha a fhaightear ón Rialtas agus ní mar mhalairt ar an gcaiteachas sin, go háirithe i gcás tionscadal nach mbeifí tar éis tabhairt fúthu murach an maoiniú sin a bheith faighte.

* *Comhoiriúnacht le Polasaí Rialtais*

Tabharfar polasaithe agus tosaíochtaí rialtais maidir leis an réimse a bhaineann le míbhuntáiste eacnamaíoch, sóisialta agus oideachais san áireamh agus maoiniú as na cuntais dhíomhaoine á leithdháileadh agus beidh sé mar aidhm ag an leithdháileadh na foinsí caiteachais atá ann faoi láthair a chomhlánú agus a shaibhriú chun go mbainfidh an limistéar áitiúil an tairbhe is fearr is féidir as.

* *Tionchar*

Cuirfidh an maoiniú a thiocfaidh as leithdháileadh na gcuntas díomhaoin tacaíocht ar fáil do chláir nó do thionscadail a mbeidh ar a gcumas difríocht shuntasach a dhéanamh sa limistéar agus a mbeidh ar a gcumas tionchar inaitheanta a imirt.

* *Inbhuanaitheacht*

Déanfaidh an Bord a dhícheall a chinntiú go n-eisíocfar cistí le cláir nó le tionscadail atá inbhuanaithe.

* *Luach ar Airgead*

Déanfaidh an Bord a dhícheall a chinntiú go mbainfear amach luach maith ar airgead, go háirithe maidir le tionscadail chaipitil.

* *Fianaise ar Riachtanas*

Déanfaidh an Bord a dhícheall a chinntiú go léireoidh iarratasóirí go bhfuil gá soiléir aitheanta leis an maoiniú agus nach féidir an t-airgead a fháil as foinsí eile.

* *Fianaise go bhfuil Cumas sa Ghrúpa nó san Eagraíocht*

Beidh ar an ngrúpa nó ar an eagraíocht a chuireann é féin chun cinn a léiriú go bhfuil ar a chumas tabhairt faoin tionscadal seo agus é a bhainistiú chun a fhorfheidhmiú rathúil a chinntiú.

5. TOSAÍOCHTAÍ DE RÉIR LIMISTÉIR & STRAITÉIS CHUN CUSPÓIRÍ A BHAINT AMACH

Chinn an Bord, ag féachaint dá shainchúram reachtúil, gur cheart eisíocaíochtaí as an gCiste a dhíriú ar thionscadail nó ar chláir atá saincheaptha chun cabhrú le haon cheann de na trí chatagóir leathana seo a leanas de dhaoine[2]:

- iad siúd a bhíonn faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta;
- iad siúd a mbaineann míbhuntáiste oideachais leo;
- daoine faoi mhíchumas.

Leithdhálfar sprioc de 40% den mhaoiniú iomlán bliantúil ar an réimse a bhaineann le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta agus leithdhálfar ar a laghad 25% ar gach ceann den dá chatagóir eile – míbhuntáiste oideachais agus daoine faoi mhíchumas.

Déanfaidh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus An Roinn Sláinte agus Leanaí, faoi seach, iad sin a riar.

Le linn shaolré an Phlean, eisíocfar suim nach lú ná 50% de na leithdháiltí bliantúla i gcomhair míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta ar limistéir RAPID, CLÁR agus an Tascfhórsa Áitiúil Ar Dhrugaí. Maidir le míbhuntáiste oideachais, eisíocfar suim nach lú ná 50% de na leithdháiltí bliantúla ar limistéir RAPID agus an Tascfhórsa Áitiúil Ar Dhrugaí.

Tá na tosaíochtaí seo a leanas glactha ag an mBord chuige féin i ngach ceann de na catagóirí, i bhfianaise a shainchúraim reachtúil, a threoirphrionsabal agus na dtrí chatagóir leathana sainaitheanta, ar a dtugtar breac-chuntas thuas, cé go n-aithnítear go bhféadfadh sé nach bhfaigheadh gach ceann díobh maoiniú le linn ré an phlean seo:

[2]Is é tuairim an Bhoird, agus é á aithint aige nach cúrsaí ioncaim amháin a bhíonn i gceist le míbhuntáiste, má leithdháiltear maoiniú faoi na trí cheannteideal leathana seo, gur dheis í sin chun an plean a leagan amach agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a bheadh níos dírithe orthu sin, d'ainneoin go mbeadh seans ann go mbeadh na críocha atá sonraithe ag trasnú a chéile.

Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta

Cuspóir Straitéiseach: Tugadh tús áite do na réimsí seo a leanas sa phlean a chuaigh roimhe seo agus feictear don Bhord go bhfuil siad fós ábhartha agus dá réir sin gur cheart féachaint orthu mar réimsí tosaíochta faoin bplean seo. Dá bhrí sin molann an Bord tús áite a thabhairt do na sprioclimistéir seo a leanas maidir le tacaíocht faoin bplean eisíocaíochta:

- *Cúramóirí:* Cuidiú a thabhairt maidir le saoráidí agus seirbhísí cúraim faoisimh a chur ar fáil.
- *Leanaí:* Cuidiú a thabhairt chun saoráidí súgartha agus áineasa feabhsaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga agus riachtanais agus deacrachtaí áirithe rochtana na leanaí agus na ndaoine óga faoi mhíchumas a thabhairt san áireamh.
- *Daoine óga:* Cuidiú a thabhairt maidir le saoráidí pobail agus saoráidí don óige a chur ar fáil i limistéir faoi mhíbhuntáiste.
- *Easpa Dídine:* Cuidiú a thabhairt maidir le háitreabh a chur ar fáil i ndáil le saoráidí nach mbíonn dírithe ar chóiríocht a chur ar fáil cosúil leis na hionaid buail isteach/na hionaid lae a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta cuí do dhaoine gan dídean.
- *Aonrú:* Cuidiú maidir le gníomhú in aghaidh a bheith gearrtha amach ón saol tuaithe agus ón saol uirbeach. Cláir agus tionscadail lena n-áirítear tionscnaimh cuairte a bheadh bunaithe sa phobal a fhorbairt chun daoine a spreagadh cuairt a thabhairt ar dhaoine a bheadh gearrtha amach nó ar dhaoine faoi mhíchumas.
- *Daoine Breacaosta:* Cuidiú a thabhairt maidir le hionaid chúraim lae, ionaid acmhainne don phobal agus saoráidí faoisimh a chur ar fáil.

  Cuidiú a thabhairt maidir le saoráidí a chur ar fáil in árais chónaithe do dhaoine breacaosta.

- *Mí-úsáid/Cosc substaintí:* Cuidiú a thabhairt maidir le cláir nó tionscadail roghnaithe chun tabhairt faoi mhí-úsáid substaintí agus chun mí-úsáid substaintí a chosc.
- *Féinmharú:* Cuidiú a thabhairt chun déileáil leis na saincheisteanna a bhaineann le féinmharú i sochaí na hÉireann go háirithe saincheisteanna a bhaineann le cosc agus comhairliúchán.
- *Míbhuntáiste:* Bearta a bheadh saincheaptha chun breis infreastruchtúir, seirbhísí agus deiseanna áitiúla a chinntiú do na daoine sin atá ina gcónaí i limistéir RAPID, CLÁR agus an Tascfhórsa Áitiúil Ar Dhrugaí.

Míbhuntáiste Oideachais:

Cuspóir Straitéiseach: Is é cuspóir straitéiseach an Bhoird cabhrú le cláir nó le tionscadail a sháraíonn na baic a eascraíonn as míbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch agus a chuireann cosc ar fhoghlaimeoirí an tairbhe chuí a bhaint as oideachas.

Díreofar sa réimse seo ar chláir nó ar thionscadail:

- A dhíríonn a n-acmhainní ar na daoine aonair nó ar na grúpaí sin is mó a bhíonn i mbaol;
- A ndéantar measúnú orthu de réir na dtorthaí a bhaintear amach;
- A phleanáiltear agus a sholáthraítear ar bhealach comhordaithe comhtháite:
- A léiríonn gur féidir úsáid phríomhshrutha a bhaint as an gclár.

Roghnófar tionscadail as na sprioclimistéir seo a leanas:

- Tionscnaimh oideachais réamhscoile
- Tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta
- Tionscadail oideachais a bhaineann leis na healaíona, le spórt, le heolaíocht agus le Teicneolaíocht na Faisnéise a bheadh bunaithe i bhforais agus sa phobal
- Tionscnaimh agus cláir réamhscoile agus iarscoile agus cláir shamhraidh agus shaoire d'fhoghlaimeoirí a thagann as limistéir faoi mhíbhuntáiste oideachais
- Cláir idirchultúrtha agus teanga (An Ghaeilge san áireamh)
- Tionscnaimh oideachais a bheadh dírithe go sainiúil ar phobail cosúil leis an lucht siúil, ar imircigh agus ar lucht iarrtha tearmainn chun a rannpháirtíocht san oideachas príomhshrutha a fheabhsú.

DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Cuspóir Straitéiseach: : Is é cuspóir an Bhoird a chinntiú go nglacfaidh daoine faoi mhíchumas (mar a shainítear san Acht um Stádas Comhionann, 2000) ról níos gníomhaí sa tsochaí agus go gcuirfidh siad lena neamhspleáchas.

Ní mór tacaíocht a thabhairt, le linn shaolré an Phlean seo, do na cláir nó na tionscadail as na réimsí seo a leanas má táthar chun cuidiú a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas:

- Cuidiú a thabhairt maidir le bearta chun daoine faoi mhíchumas a chumasú agus chun cearta comhionannais daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

- Roghanna méadaitheacha iompair, rochtana agus gluaiseachta comhtháite a chur ar fáil.
- Deiseanna a chur ar fáil ionas go mbeadh ar chumas daoine faoi mhíchumas a bheith ina gcónaí go neamhspleách.
- Seirbhísí feabhsaithe/breisithe cuí a chur ar fáil.
- Cuidiú a thabhairt maidir leis an taithí a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas ar mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, a laghdú.

6. PRIONSABAIL FORFHEIDHMITHE

Faoi alt 44 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 déanfar gach iarratas a fhaightear mar fhreagra ar chuireadh a mheas de réir na nósanna imeachta agus na gcritéar comhaontaithe. Beidh feidhm ag na nithe seo a leanas chun críocha an phlean seo:

* *Nósanna Imeachta maidir le hIarratais*

Molann an Bord gur cheart na critéir seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas foirmiúil iarratais:

- is cóir fógraíocht a dhéanamh ar na cláir agus is cóir critéir incháilitheachta a chur ar fáil;
- is cóir do na foirmeacha iarratais a bheith gonta, simplí, ábhartha agus nótaí treorach soiléire a bheith leo;
- is cóir admhálacha a thabhairt go pras ar iarratais agus is cóir don admháil scála ama a thabhairt ina ndéanfaí na hiarratais a mheas.

* *Nósanna Imeachta Measúnaithe/Roghnaithe*

Tríd is tríd, is cóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa chritéar measúnaithe/roghnaithe:

- Cé mar a thugann an tionscadal/an clár aghaidh ar chuspóirí na reachtaíochta mar atá leagtha amach in alt 41 d'Acht 2005[3];
- inbhuanaitheacht an tionscadail/an chláir;
- an luach a gheofaí ar an airgead a chaithfí ar an tionscadal/clár;
- cé mar a aithníodh saintorthaí an tionscadail/an chláir;
- an cumas a bheidh ag an tionscadal/ag an gclár tionchar marthanach a bheith aige;
- scála ama an tionscadail/an chláir, (cé go bhféadfadh sé go mbeadh maoiniú le déanamh ar thionscadail/ar chláir áirithe ar feadh roinnt blianta);
- leibhéal an chómhaoinithe nó giaráil an mhaoinithe chomhfhreagraigh;
- cé mar a aithníodh na meicníochtaí chun an tionscadal/an clár a chur ar fáil;
- soiléireacht na dtionscadal/na gclár agus cé mar a thugtar spriocanna, costais agus scálaí ama réalaíocha san áireamh;
- an cumas atá ag na tionscadail/na cláir difríocht a dhéanamh;

[3]Is féidir airgead a eisíoc as an gcuntas gach bliain de réir na coda seo, chun críocha na gclár nó na dtionscadal sin amháin a bheadh ar mhaithe le -
(a) forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta,
(b) oideachas daoine faoi mhíbhuntáiste oideachais a fhorbairt,
(c) daoine faoi mhíchumas (de bhrí an Achta um Stádas Comhionann 2000)

- líon na ndaoine a mbeifí ag súil a bhainfeadh tairbhe dhíreach as na tionscadail/na cláir (beifear i bhfabhar tionscadail/cláir a rachadh chun tairbhe do líon suntasach daoine);
- cé mar a chomhlánann an clár le cláir agus cuspóirí an Rialtais agus mar a léirítear naisc le soláthróirí reachtúla ábhartha de réir mar is cuí;
- próisis mheastóireachta a chur i bhfeidhm chun torthaí/tionchar an chláir in imeacht aimsire a thomhas.

* *Aitheantas a thabhairt don Mhaoiniú*

Beidh sé de cheangal ar lucht faighte an mhaoinithe go n-aithneofar an maoiniú go sonrach mar mhaoiniú a fuarthas as an gCiste.

* *Nósanna Imeachta Meastóireachta*

Forbróidh an Bord nósanna imeachta monatóireachta agus meastóireachta, mar atá leagtha amach in Alt 31 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005, chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar cé mar atáthar ag baint amach na gcuspóirí agus chun measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil difríocht inaitheanta le feiceáil de bharr na gclár nó na dtionscadal. D'fhéadfadh go dtabharfadh an Bord sainchomhairleoirí seachtracha isteach chun cuidiú leo meastóireacht a dhéanamh ar thionchar tionscadal nó clár áirithe.

AGUISÍN

Bord na gCuntas Díomhaoin

An Cathaoirleach **Michael Morley**

Ballraíocht

Kate Feely
Rosaleen Glackin
An tOllamh Áine Hyland
David Martin
Noel McPartland
Dónal Ó Síocháin
Gerry Ryan (éirithe as an mBord – Meitheamh 2006)
Séamus Thompson
(éirithe as an mBord – Meitheamh 2006)
Enda Twomey
Frank Ward
Marian Hackett (ó Deireadh Fomhair 2006)